

FRAU TISCHBEIN MÁTHAIR EMIL

Cúig bliaina a bhí Emil nuair a cailleadh a athair. Plumadóir a bhí ann. Ó shoin i leith tá mathair Emil le bearabóireacht. De chailíní siopa agus do mhnáibh comharsanna is mó a cuid cuislimearaí. Bhí uirthé an chócaireacht a dhéanamh chomh maith leis an mbearbaróireacht, agus obair an tighe, agus fiú an nigheachán b'éigin di féin a dhéanamh. Tá grád mór aice ar Emil agus sí atá ríméadach go bhfuil sí i ndon bheith ag obair agus airgead a shaothrú. Bíonn amhrán aerach dá ghabhail aice uaireanta. Uaireanta bíonn sí tinn agus annsin sí Emil a fhiothas na huibheacha don bheirt aca agus is maith uaidh a dhéanamh. Tig leis grisg mairt-fheola a fhriochadh ar na hinniúin agus uile sliseoga fataí.